# TG4 & BLOC

# Miondrámaíocht Ingearach

(Vertical Microdrama)

## Lúnasa 2026

## Dáta Deiridh d'Iarratais: 12:00 an 9 Deireadh Fómhair 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua, TG4 eCoimisiúin, i bhfeidhm ag TG4. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

# FÍS EAGARTHÓIREACHTA

Tá miondrámaí ingearacha Gaeilge atá úr nuacheaptha á lorg ag TG4 agus ag BLOC lena mbainfidh cruthaitheacht na scéalaíochta gearrfhoirme.

Is mian linn lucht féachana nua a mhealladh, glórtha nua agus daoine cumasacha iontacha a aimsiú, fiontraíocht chruthaitheach a spreagadh agus drámaíocht Ghaeilge de chineál eile i bhformáidí nua a thástáil. Scéalta a thiocfaidh le nósanna féachana na linne seo atá á lorg againn – scéalta a thabharfaidh ar dhaoine stopadh ag scrolláil, a spreagfaidh spéis ar an toirt agus a fhágfaidh an dúil chráite againn sa chéad chlár eile.

Bítear ag cuimhneamh ar shuntas na gcarachtar, ar mhealltacht na scéalaíochta, ar bhua na cruthaitheachta agus ar an tSúil Eile a léiriú. Tá suim faoi leith againn in ábhar grinn, scigaithrise, aoir, réaltacht áibhéalta, méaldrámaíocht chliste agus scigchláir faisnéise.

Ní mór gach togra a bheith nuacheaptha agus scríofa i nGaeilge don lucht féachana sna réimsí digiteacha go sonrach. Ba chóir an Ghaeilge a bheith lárnach sa ghreann, sna carachtair agus i ndomhan an dráma.

Tá de rún againn dhá shraith nuacheaptha miondrámaíochta i bhformáid ingearach a choimisiúnú -

- ceann do lucht féachana idir 18-24 bliana d'aois ar Chainéal TikTok BLOC agus
- an dara ceann do lucht féachana réimsí digiteacha TG4 idir 35-54.

## BLOC: Tik Tok ó thús (18-24)

Scéalta a mbeadh tóir ag an lucht féachana seo orthu atá uainn. Smaoinigh ar scéal comhaimseartha atá siamsúil agus ceangailte go dlúth le cultúr na linne – téamaí agus carachtair, ceisteanna agus cásanna ar dócha go dtarraingeoidh siad aird agus go spreagfaidh siad plé ar TikTok.

Cén scéal a thabharfaidh ar dhuine stopadh, breathnú, tuairim a thabhairt, ábhar a scaipeadh agus filleadh arís agus arís eile? Ba cheart TikTok a bheith ar intinn ag céim na cruthaitheachta; ní leor gur ardán é ar a gcuirfear an t-ábhar ar taispeáint.

Cuirfear fáilte faoi leith roimh dhaoine óga cumasacha agus roimh ghlórtha nua Gaeilge a bhfuil tuiscint acu ar an lucht féachana agus ar an ardán seo.

## TG4: Greann/Aor - Instagram & Facebook ó thús (34-54)

Carachtair thréana, smaointe greannmhara agus domhain ar leith a theastaíonn agus beidh spéis faoi leith againn i scéalta a bheidh ina ábhar suime agus siamsa ag mná idir 35-54.

Smaoinigh ar ábhar grinn ar breá le daoine é a fheiceáil agus a scaipeadh agus atá ceangailte leis an saol a chaitheann an lucht féachana seo – carachtair a aithníonn siad i gcásanna a thuigeann siad agus a bhainfidh gáire astu ionas go ndéanann siad an t-ábhar a scaipeadh agus a chuardach arís.

Ábhar a bheadh ar lucht féachana Instagram agus Facebook ó thús. Ba cheart an t-ardán a bheith ar intinn ag céim na cruthaitheachta – mar a chothófar ceangal idir an tsraith agus an sprioclucht féachana, mar a oibreoidh an smaoineamh go cruthaitheach i dtaobh sruthú, mar a tharraingeoidh sé aird agus a spreagfaidh sé lucht féachana le breathnú air, é a scaipeadh, agus a theacht ar ais chuige.

Cuir smaoineamh inár láthair a bhfuil bunábhar maith sraithe ann – ábhar ar féidir eipeasóid i ndiaidh eipeasóid a bhunú air ina bhfuil carachtair a mbeidh fonn ar an lucht féachana iad a fheiceáil arís agus arís eile.

# Bunghnéithe a bhaineann le Miondráma Sármhaith

**Meall muid ar an bpointe –** Ní mór aird a tharraingt in imeacht cúpla soicind. Cuir bonn breá scéalaíochta i láthair dúinn ón tús, ó thaobh carachtair agus domhain de.

**Coinnigh aird an lucht féachana** – Ba cheart go dtarlódh dul chun cinn sa scéal i ngach eip agus go gcuirfeadh an chaoi a n-insítear é fonn ar dhuine an chéad chuid eile den scéal a fheiceáil – gáire, eolas nua, ábhar baoil, casadh tobann, spreagadh mothúchán, toradh ar eachtra a tharla roimhe seo nó ábhar bíse.

**An tArdán ó Thús** – Cén fáth ar i bhformáid ingearach is ceart an scéal seo a chur i láthair? Ba chóir blas na réimsí digiteacha a bheith le brath ó bhun go barr ag an lucht féachana ar an togra agus leas cruthaitheach á bhaint as an bhformáid 9:16 – fráma, pointe féachana, seatanna teanna, teachtaireachtaí, fuaim agus cur chuige físiúil a oireann d'ábhar don fhón póca.

Ní gnáthdhrámaíocht teilifíse, ghiorraithe nó athraithe ó fhormáid chothrománach go formáid ingearach, atá i gceist. Glac go fonnmhar le tréithe na formáide ó thaobh luas scéalaíochta, dlúthléargas agus deiseanna cruthaitheachta agus fiosraigh cuir chuige shamhlaíocha nua chun spéis an lucht féachana a spreagadh agus a chothú. Is ceart fotheidil agus ábhar eile téacs ar an scáileán a áireamh mar ghné den obair chruthaitheachta ón tús.

**Bíodh an Ghaeilge ina dlúthchuid den Chruthaitheacht** – Gaeilge nádúrtha na linne seo atá uainn – canúint, caint na ndaoine agus blas pearsanta faoi leith san áireamh – ag teacht le Polasaí Teanga TG4. Ba cheart go gcuirfeadh an Ghaeilge, ó thaobh cruthaitheachta, leis na carachtair, leis an ngreann agus leis an réimse saoil.

Bíodh aird ar an t**Súil Eile** – cén ghné den smaoineamh seo atá ina ábhar iontais agus suntais, agus atá so-aitheanta mar shaothar de chuid TG4 nó BLOC?

## Formáid & Buiséad

- Sraitheanna tuairim is 25 eipeasóid x 1.5-2 nóiméad
- 9:16 ingearach – fón póca & ardán ó thús
- Nuacheaptha agus nuascríofa i nGaeilge
- Leagtha amach le haird ar shraithscéalaíocht, ar thobfhéachaint, ar ábhar a scaipfidh an lucht féachana agus a tharraingeoidh ar ais arís agus arís eile iad.
- Buiséad Léiriúcháin timpeall €1,500 in aghaidh an nóiméid léirithe (lena n-áirítear ábhar grafaice, ábhar coimrithe na meán sóisialta, mionsamhla, teidil, fotheidil srl.)

Is treoirlínte iad seo, seachas srianadh le cruthaitheacht. Glacfaimid le cuir chuige nuálacha má tá smaoineamh sármhaith á roinnt leo atá oiriúnach don sprioclucht féachana.

## A bhfuil de dhíth le hIarratas

**An Smaoineamh (2 leathanach ar a mhéad)**

Teideal, gearr-achoimre, an mealladh, an sprioclucht féachana, na príomhcharachtair, domhan an scéil, stua scéalaíochta na sraithe agus an bhunghné a mheallfaidh duine breathnú arís agus arís eile air.

**Eachtraíocht na Sraithe agus na gClár (3 leathanach ar a mhéad)**

Cuir in iúl mar a thiocfaidh ábhar an scéil chun cinn, an géarú a tharlóidh agus an deireadh a thiocfaidh ar an tsraith, le cuntas gonta ar gach clár ina sonraítear príomhghné na scéalaíochta ann chomh maith le hábhar spreagtha, toradh ar eachtra nó ábhar bíse.

**Clár Samplach x 2**

Script iomlán dhá eip, nuascríofa i nGaeilge, óna bhfaightear léargas ar na carachtair, ar atmaisféar, luas agus stíl na scéalaíochta.

**An Cur Chuige Cruthaitheachta & an tArdán (1 leathanach ar a mhéad)**

Déan cur síos ar an atmaisféar agus ar stíl físeáin, ar an bhfáth gur scéal é a oirfidh don fhormáid ingearach, ar an bhfáth gur cheart an scéal a insint anois, ar an bhfáth go n-oireann sé don lucht féachana agus don ardán atá luaite, ar an dóigh a dtabharfar ar an lucht féachana

stopadh, breathnú agus teacht ar ais; agus mar atá an Ghaeilge lárnach sa smaoineamh agus mar chuid den tSúil Eile.

Maidir le coimisiún BLOC, inis an fáth gur le TikTok go sonrach a bhaineann an t-ábhar seo agus an fáth gur dócha go gcothóidh sé ceangal le lucht féachana óg agus go gcoinneofar a gcuid suime ann.

**An Fhoireann Chruthaitheach**

Na Príomhdhaoine ar an bhFoireann Chruthaitheach, lena n-áirítear aon scríbhneoirí, aisteoirí, stiúrthóirí nó cruthaitheoirí digiteacha nua a bhfuil baint acu leis an saothar. Is mian linn go háirithe tograí a spreagadh lena gcruthaítear deiseanna dáiríre do dhaoine cumasacha nua atá i mbun na cruthaitheachta trí Ghaeilge.

**Eolas Breise:**

Tabharfar tús áite don chruthaitheacht agus don úrnuacht, do choincheapa agus do charachtair thréana, don tuiscint ar an lucht féachana agus ar an ardán, do scéalaíocht de réir cláir a chothaíonn spéis mhór agus fonn féachana, agus don chruthaitheacht maidir le húsáid na Gaeilge agus leis an tSúil Eile. Déanfar na pleananna críochnúla maidir leis an ardán agus leis an dáileadh a aontú le TG4/BLOC.

Ní mór cead a bheith faighte gach cuid den ábhar a úsáid ar ardáin dhigiteacha agus shóisialta TG4 & BLOC, lena n-áirítear cearta ceoil agus tríú páirtí a bhaineann le hábhar.

Beidh cearta saoil ilardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

**Dé hAoine, an 9 Deireadh Fómhair 2026 ag an 12 meán lae** an spriocdháta d'iarratais agus tá súil cinneadh a dhéanamh faoin 23 Deireadh Fómhair. Ba mhaith linn tús a chur leis an obair léirithe chomh luath agus is féidir agus an t-ábhar a bheith ar fáil in Earrach na bliana 2027.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le Máire Ní Chonláin Maire.ni.chonlain@tg4.ie nó le Róisín Ní Thuairisg roisin.ni.thuairisg@tg4.ie.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ina dhiaidh sin ba chóir iarratais a uaslódáil roimh an spriocdháta trí '**Miondrámaíocht Ingearach'** a roghnú ón roghchlár anuas.

Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh atá tugtha caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Caithríona Ní Churraoin caithriona.nichurraoin@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha.*

Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*